# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017**

❒ **Scríobh do SCRÚDUIMHIR anseo** ☞

## CEOL – GNÁTHLEIBHÉAL

**ÉISTEACHT, CUMADÓIREACHT AGUS STAIDÉAR GINEARÁLTA (300 marc)**

Dé Céadaoin, 21 Meitheamh, maidin, 9:30–11:30

Stampa an Ionaid

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| | |
|---|---|
| **1 Suim na n-iomlán bun leathanaigh** | |
| **2 Bónas as freagairt i nGaeilge** | |
| **3 An marc iomlán** | |

| Ceist | Marc | |
|---|---|---|
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |
| 4 | | |
| 5 | | |
| 6 | | |
| 7 | | |
| 8 | | |
| Iomlán | | |
| Bónas don Ghaeilge | | |
| Móriomlán | | |
| Grád | | |

## TREORACHA GINEARÁLTA

- ❒ Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an triailsliocht. Murar féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir in iúl don fheitheoir láithreach bonn é.
- ❒ Scríobh do chuid freagraí go léir sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.
- ❒ Tá leathanaigh don tsracobair san áireamh sa fhreagarleabhar.
- ❒ Níl cead agat aon ní a rá, cnagadh ná crónán a dhéanamh ná canadh le linn an scrúdaithe seo.

## TREORACHA AR LEITH

- ❒ Freagair gach ceist.
- ❒ I ráitis a bhfuil rogha iontu, cuir ciorcal thart ar an gceann atá ceart dar leat, nó tarraing líne faoi.
- ❒ Beidh cúig nóiméad agat i dtús báire chun na ceisteanna 1–6 a léamh.

# I – ÉISTEACHT

**Ceist 1** **AMHRÁIN DUALGAIS** **30 marc**

❐ Trí shliocht a sheinnfear dhá uair.

❐ Freagair A, B agus C.

**Sliocht 1**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **A** | (i) Is é a chloisimid | ■ guth na mban amháin | ■ guth na bhfear amháin | ■ guth na mban agus na bhfear |
| | (ii) Is é foirm an amhráin seo ná | ■ AAB | ■ ABB | ■ ABC |

(10)

**Sliocht 2**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **B** | (i) Is é atá san amhrán seo ná | ■ amhrán ealaíne | ■ amhrán tíre | ■ rothlam |
| | (ii) Ag tús an amhráin cloistear | ■ 4 nóta síos | ■ 4 nóta athdhéanta | ■ 4 nóta suas |

(10)

**Sliocht 3**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **C** | (i) Is é cumadóir an amhráin seo ná | ■ Gershwin | ■ Giordani | ■ Ralph McTell |
| | (ii) Baineadh an t-amhrán seo as | ■ cantáid | ■ ceoldráma | ■ oratóir |

(10)

❐ Beidh sos gairid ann anois chun do fhreagra a chríochnú.

❒ Sliocht as ceann amháin de do shaothair dhualgais, a sheinnfear uair amháin.

❒ Freagair A agus B.

**Sliocht 1**

**A** (i) Baineadh an sliocht seo as
- *Na Ceithre Shéasúr*
- *Sraith L'Arlésienne Uimh.2*
- *Granuaile*

(ii) Is é an cumadóir ná
- Bizet
- Shaun Davey
- Vivaldi

(4)

**B** (i) Is é a thugtar ar an ngluaiseacht seo ná
- Farandole
- Ripples in the Rockpools
- An tEarrach

(ii) Tá an mothú
- feargach
- gealgháireach
- brónach

(4)

❒ Cloisfidh tú an chéad chuid den sliocht anois.

❒ Seinnfear trí huaire é.

❒ Freagair C agus D.

**Sliocht 1, an chéad chuid**

**C** (i) Is é an méarchlár atá á sheinm ná
- an cruitchlár
- an t-orgán
- an pianó

(ii) Ainmnigh uirlis **amháin** eile atá á seinm.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(4)

**D** (i) Tá an ceol
- glórach an t-am ar fad
- ciúin an t-am ar fad
- glórach agus ciúin

(ii) Luas an cheoil
- éiríonn sé níos mire diaidh ar ndiaidh
- éiríonn sé níos moille diaidh ar ndiaidh
- fanann sé mar an gcéanna

(4)

❐ Cloisfidh tú an dara cuid den sliocht anois.

❐ Seinnfear trí huaire é.

❐ Freagair E.

**Sliocht 1, an dara cuid**

**E** (i) Sa sliocht seo cloistear
- ■ line shingil shéise
- ■ séis agus armóin ag gabháil léi mar thacaíocht
- ■ roinnt línte séise

(ii) Léiríonn an ceol seo ■ madra dílis ■ sruthán ag sileadh ■ éin ag canadh

(iii) Ainmnigh gné **amháin** den cheol sa sliocht mar thaca le do fhreagra.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(6)

❐ Cloisfidh tú anois an dara sliocht.

❐ Seinnfear trí huaire é.

❐ Freagair F agus G.

**Sliocht 2**

**F** (i) Léiríonn an ceol seo ■ leoithne bhog ■ stoirm ■ solas na gréine

(ii) Gné den cheol iad ■ nótaí fada marthanacha ■ nótaí stoite ■ nótaí creathacha

(4)

**G** (i) Tá airde na nótaí ■ ard an t-am ar fad ■ íseal an t-am ar fad ■ ard agus íseal

(ii) Ag deireadh an tsleachta tá an tonúlacht ■ mór ■ mion

(4)

❐ Beidh sos ann anois chun do fhreagra a chríochnú.

❒ Trí shliocht a sheinnfear dhá uair.

❒ Freagair A, B agus C.

**Sliocht 1**

**A** (i) Is é atá anseo ná ■ cornphíopa ■ port ■ ríl

(ii) Is é an t-amchomhartha ná ■ $\frac{3}{4}$ ■ $\frac{4}{4}$ ■ $\frac{6}{8}$ (8)

**Sliocht 2**

**B** (i) I véarsa 1, is **dhá** ghné den cheolchasadh seo iad

■ ornáideachas ■ séis ar an bhfeadóg ■ tionlacan

■ easpa ornáideachais ■ armóin ghutha ■ easpa tionlacain

(ii) Sainaithin athrú **amháin** sa cheol i véarsa 2.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(12)

**Sliocht 3**

**C** (i) Is é an saghas grúpa atá ag seinm an cheoil sa sliocht seo ná

■ banna píb ■ banna máirseála ■ banna céilí

(ii) Ainmnigh **dhá** uirlis a chloistear sa sliocht seo.

1 _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2 _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(11)

❒ Freagair D anois. (Níl aon cheol ar an taifeadadh don chuid seo den cheist.)

**D** Críochnaigh na habairtí thíos le huirlisí oiriúnacha as an liosta seo a leanas:
(Tá an chéad cheann déanta duit.)

| fliúit | cruit | píb uilleann | veidhlín |
|---|---|---|---|

Is gaothuirlis í _ _ _ *píb uilleann* _ _ _ ar a seinntear séis agus cordaí.

Is téaduirlis é/í _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ ar a seinntear séis agus cordaí.

Is gaothuirlis é/í _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ nach seinntear air/uirthi ach séis.

Is téaduirlis é/í _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ nach seinntear air/uirthi ach séis.

(9)

❒ Beidh sos ann anois chun do fhreagra a chríochnú.

❒ Mír ceithre bharra a sheinnfear cúig uaire ar an bpianó.

❒ Beidh sos ann tar éis gach seanma.

❒ Seinnfear an gléasnóta dó agus an corda tonach roimh gach seinm.

❒ Cloisfidh tú an chuisle ar an méadranóm roimh **an gcéad dá sheinm, agus lena linn amháin.**

❒ Chun cabhrú leat, tugtar na chéad sé nóta agus imlíne na séise duit.

❒ Freagair A agus B.



**A** Scríobh isteach **an t-amchomhartha**. (4)

**B** Cuir isteach cosa agus bíomaí, de réir mar is cuí, chun **an rithim** a chríochnú. (36)

❒ Beidh sos fada ann anois chun do fhreagra a chríochnú.

## Réamhcheolta ceolchoirme, nó réamhcheolta, réamhdhréachtaí uirlise nó intermezzi as ceolraí stáitse, drámaí, ceoldrámaí, mion-cheoldrámaí nó oratóirí

❒ Freagair A agus B. (Níl aon cheol ar an taifeadadh do na codanna seo.)

**A** Ainmnigh do **shaothar roghnaithe** sa chatagóir seo agus an **cumadóir**. (Ná hainmnigh *Na Ceithre Shéasúr, Sraith L'Arlésienne Uimh.2* ná *Granuaile* anseo.)

(i) An saothar roghnaithe: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) An cumadóir: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(6)

**B** Tabhair gné cheoil **amháin** den saothar seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(4)

❒ Cloisfidh tú anois sliocht as saothar nár chuala tú cheana, b'fhéidir.

❒ Seinnfear trí huaire é.

❒ Freagair C.

**Sliocht 1**

**C** (i) Ag an tús cloistear

- ■ bloc-chordaí
- ■ cordaí briste
- ■ scálaí

(ii) Tá fuaim an cheoil

- ■ an-ghlórach ag an tús agus fanann sí an-ghlórach
- ■ an-ghlórach ag an tús agus éiríonn sí níos ciúine diaidh ar ndiaidh
- ■ an-ghlórach ag an tús agus éiríonn sí níos ciúine go tobann

(8)

❒ Cloisfidh tú anois an dara sliocht as an saothar céanna.

❒ Seinnfear trí huaire é.

❒ Freagair D.

**Sliocht 2**

**D** (i) Seinntear an tséis ag an tús orthu seo:
- an veidhlín agus an dordveidhil
- an chláirnéid agus an basún
- an corn agus an trombón

(ii) Sainaithin athrú **amháin** sa cheol ina dhiaidh sin.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(8)

❒ Cloisfidh tú anois an tríú sliocht as an saothar céanna.

❒ Seinnfear trí huaire é.

❒ Freagair E.

**Sliocht 3**

**E** Cuir ciorcal timpeall **dhá** ghné díobh seo a leanas a chloistear sa cheol.

- cordaí ar an bpianó
- tríligh ar an veidhlín
- mionghléas
- scálaí suas
- dord-druma
- téaduirlisí stoite

(8)

❒ Cloisfidh tú anois an ceathrú sliocht as an saothar céanna.

❒ Seinnfear trí huaire é.

❒ Freagair F.

**Sliocht 4**

**F** (i) Seinntear séis
- ar an trumpa
- ar an gcorn Francach
- ar an tiúba

(ii) Sainaithin gné **amháin** den tionlacan.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(6)

❒ Beidh sos fada ann anois chun do fhreagra a chríochnú.

Leathanach Bán

## II–CUMADÓIREACHT

**Ceist 6** | **TRÍCHORDAÍ** | **40 marc**

❒ An véarsa thíos a sheinnfear uair amháin.

❒ Is é seo an dréacht deireanach a chloisfidh tú ar an taifeadadh.

❒ Freagair A, B, C agus D.

# Reflection

Matthew Wilder




| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **A** | Cad iad litir-ainmneacha na **dtrí** nóta ag X? | _ _ _ _ | _ _ _ _ | _ _ _ _ | (12) |
| **B** | Déanann na nótaí sin tríchorda | ■ B♭ | ■ E♭ | ■ F | (10) |
| **C** | Tá an tríchorda seo | ■ mór | ■ mion | | (8) |
| **D** | Roghnaigh barra **amháin** ina n-oireann an tríchorda céanna don tséis ann. | ■ barra 4 | ■ barra 8 | ■ barra 13 | (10) |

❒ Freagair ceann amháin díobh seo a leanas - A **nó** B **nó** C.

**Ullmhúchán**

Más mian leat, scríobh scála D ar an gcliath thíos, ag tosú mar a thaispeántar. D'fhéadfadh sé seo cabhrú leat do fhreagra ar A, B nó C a phleanáil.



**A MÍR A CHUR LE RITHIM A THUGTAR**

❒ Déan staidéar ar an bpatrún rithime seo.

**Luas meánach**



❒ Anois críochnaigh an tséis.

❒ Bain úsáid as na treoirlínte seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Cum séis de do chuid féin i ngléas D don rithim a thugtar. | (48) |
| 2 | Críochnaigh ar an ngléasnóta, is é sin, dó. | (6) |
| 3 | Cuir isteach míriú oiriúnach. | (6) |

**nó**

**B MÍR A CHUR LE hOSCAILT A THUGTAR**

❒ Déan staidéar ar an oscailt seo.

**Beoga**



❒ Anois críochnaigh an tséis.

❒ Bain úsáid as na treoirlínte seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Cuir isteach trí bharra eile de phatrún na rithime a thugtar. | (16) |
| 2 | Cum séis i ngléas D don rithim seo. | (32) |
| 3 | Críochnaigh ar an ngléasnóta, is é sin, dó. | (6) |
| 4 | Cuir isteach míriú oiriúnach. | (6) |

**nó**

**C MÍR FHREAGRACH**

❒ Déan staidéar ar an mír oscailte seo.

**Am máirseála**



**Rithim**



**Séis**



❒ Anois, cum mír fhreagrach thuas chun an tséis a chríochnú.
Bíodh do mhír fhreagrach **éagsúil** leis an mír oscailte.

❒ Bain úsáid as na treoirlínte seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Scríobh ceithre bharra de phatrún na rithime. | (16) |
| 2 | Cum séis i ngléas D don rithim seo. | (32) |
| 3 | Críochnaigh ar an ngléasnóta, is é sin, dó. | (6) |
| 4 | Cuir isteach míriú oiriúnach. | (6) |

## III–STAIDÉAR GINEARÁLTA

**Ceist 8** **20 marc**

### Ceol ó lá go lá, ceol ealaíne nua-aimseartha, ceol eitneach (seachas ceol Gaelach), ceol na meánaoise agus an renaissance nó ceol i dtraidisiún an phobail

- ❒ Freagair A, B agus C.
- ❒ Ná hainmnigh dréachtaí as d'amhráin dualgais, as do shaothair dhualgais ná as an gceol Gaelach anseo.

**A** Ainmnigh do staidéar ginearálta. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(2)

**B** Ainmnigh **dhá** phíosa ceoil as do staidéar ginearálta.
Ainmnigh an cumadóir nó an t-oirfideach i ngach cás.

(i) Píosa 1: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

An Cumadóir ☐
An tOirfideach ☐ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Píosa 2: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

An Cumadóir ☐
An tOirfideach ☐ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(8)

**C** Scríobh cuntas ar do staidéar ginearálta. Bíodh cur síos ar roinnt gnéithe ceoil san áireamh i do fhreagra agat.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(10)

## Sracobair

**Sracobair**

**Sracobair**

# Sracobair

Leathanach Bán